# *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:*

# Beartas agus Straitéis 2020–2025 maidir le Féilte

the arts council
an chomhairle ealaíon

## Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Tá féilte ar cheann de na himeachtaí is tábhachtaí ina gcruthaítear agus ina gcuirtear na healaíona i láthair lucht féachana mór agus ilghnéitheach in Éirinn. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon an éagsúlacht shaibhir de réimsí cleachtais foirm ealaíne a chuireann féilte i láthair agus an ról ríthábhachtach atá acu chun rochtain an phobail ar na healaíona a leathnú.

Tá ról lárnach ag féilte sna healaíona a chur ar fáil don phobal agus cumasaíonn siad pobail freisin lena stair féin a choimeád agus a shainmhíniú agus tráchtaireacht shóisialta agus machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht trí chláir agus imeachtaí féilte. Cuireann féilte rochtain riachtanach ar fáil ar na healaíona i réimsí rannpháirtíochta ísle, mar aon le deiseanna suntasacha d'ealaíontóirí lena gcleachtas a fhorbairt. Imríonn féilte ról dinimiciúil agus straitéiseach i dtírdhreach iomlán na n-ealaíon in Éirinn, agus i réimsí níos leithne na turasóireachta cultúrtha, na forbartha pobail agus na hathghiniúna uirbí.

Tá na deiseanna uathúla a chuireann féilte ar fáil chun ealaín a léiriú agus a fheiceáil lárnach do thábhacht na bhféilte sin. Rud bunúsach i bhfoirm na féile is ea an cead chun triail a bhaint as rudaí – cead chun dul thar thairseacha a d'fhéadfadh a bheith dúnta nó toirmiscthe don chuid eile den bhliain – chomh maith leis an tsolúbthacht freagairt ar thírdhreacha uirbeacha agus tuaithe araon, cúrsaí sochpholaitiúla atá ag athrú agus deis chun caidreamh a dhéanamh le pobail. Mar sin, is ardán riachtanach iad féilte a thugann spás d'ealaíontóirí a bheith nuálach agus cuireadh a thabhairt do lucht féachana agus éisteachta taithí a fháil ar a n-obair ar bhealaí difriúla.

Is é ról na Comhairle Ealaíon tacú le timpeallacht féilte ealaíon ilghnéitheacha agus éagsúla agus tacú lena forbairt, mar aon le sraith tacaíochtaí a chur ar fáil a spreagann samhlacha a bhfuil suntasacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo agus an cleachtas is fearr, i.e. samhlacha a mhéadaíonn deiseanna do chaidreamh leis an bpobal nó do rannpháirtíocht an phobail nó a fhorbraíonn saothar ealaíontóra/foirm ealaíne. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgeadais agus forbartha ar fáil d'fhéilte beaga chun taithí ar ealaíona ardcháilíochta a thabhairt do lucht féachana agus éisteachta. Tugtar tosaíocht freisin do chláir a chruthaíonn rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus atá ábhartha dóibh.

Sainaithníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*: an t-ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail. Chun na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil i bhféilte, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a leanas sna cúig bliana seo romhainn.

## Ealaíontóirí agus Féilte

Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht indíreach d'ealaíontóirí trí mhaoiniú a chur ar fáil do raon leathan samhlacha féile chun bonneagar féile éagsúil agus láidir a chruthú inar féidir le healaíontóirí leas a bhaint as deiseanna coimisiúnaithe, chur i láthair agus comhléirithe, saothar nua a chur chun cinn agus a thástáil, agus dul i gcion ar lucht féachana nua.

Go háirithe, tá féilte chun tosaigh ó thaobh ealaín sráide agus seónna a chothú in Éirinn, agus iad lárnach dá bhfás agus dá bhforbairt leanúnach; ag soláthar timpeallacht riachtanach d'ealaíontóirí sráide agus seónna chun saothar a thástáil, a chothú agus a chur i láthair lucht féachana.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon féilte mar rudaí a chuireann timpeallacht ar fáil le haghaidh rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh, breithmheas dírithe agus léirmheastach a dhéanamh ar shaothar, agus meantóireacht agus teagmháil le saothar clúiteach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar féidir leo ar fad cuidiú le forbairt scileanna gairmiúla ealaíontóirí.

Anuas air sin, aithníonn an Chomhairle Ealaíon an nádúr casta agus speisialta a bhaineann le 'déanamh féilte' mar ghníomhaíocht chruthaitheach agus an ról a ghlacann an ghníomhaíocht sin i bhforbairt cláraithe ealaíonta, agus gur féidir comhpháirtíochtaí comhoibríocha nua le haghaidh ealaíontóirí agus cuir chuige éagsúla do chruthú na n-ealaíon a bhunú mar thoradh uirthi.

Trína Maoiniú Straitéiseach, tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun cleachtas féilte a chothú agus a fhorbairt in Éirinn. Leathnaítear é sin amach thar raon réimsí cleachtais foirmeacha ealaíne. Tacaíonn Scéim Coimisiún agus Maoiniú Deontais do na hEalaíona de chuid na Comhairle le cláir féilte agus deiseanna a fhorbairt chun a gcumas léirithe agus coimisiúnaithe a neartú. Chuige sin is mór ag an gComhairle Ealaíon ní hamháin forbairt cleachtais foirmeacha ealaíne aonair ach freisin an cur chuige maidir le samhlacha de na healaíona ildisciplíneacha agus idirdhisciplíneacha i bhféilte. Trína clár Gairmeacha Oscailte tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le mórthionscadail uaillmhianacha nua agus cuireann timpeallacht ar fáil le haghaidh rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh i gcomhthéacs féile.

***Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d'ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann cúig bliana:***

- Forbróidh sí treoirscéim dreasaithe d'fhéilte d'fhonn scéimeanna cónaitheachta ealaíonta a óstáil ar fud na tíre;
- Spreagfaidh sí féilte trí Scéim Infheistíochta na bhFéilte chun tuilleadh deiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla;
- Spreagfaidh sí féilte agus déanfaidh sí monatóireacht orthu trí Scéim Infheistíochta na bhFéilte d'fhonn deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí ó chúlraí éagsúla i gcomhréir le *Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht* na Comhairle;
- Tabharfaidh sí tacaíocht mhéadaithe d'ealaín sráide agus seónna;
- Cuirfidh sí tacaíochtaí maoinithe ar fáil le haghaidh oiliúint do dhéantóirí féilte agus ealaíontóirí a chruthaíonn saothair i gcomhthéacs féile;

- Cinnteoidh sí, trína scéimeanna maoinithe, go bhfuil féilte tiomanta do luach saothair cothrom agus cóir a thairiscint d'ealaíontóirí i gcomhréir leis an mbeartas *Luach Saothair don Ealaíontóir* ón gComhairle Ealaíon.

## Rannpháirtíocht an Phobail agus Féilte

Tá ról suntasach ag féilte maidir leis na healaíona a chur ar fáil in Éirinn, agus i neart cásanna, is iad na féilte a sholáthraíonn eispéiris nua ealaíonta don phobal. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon an tábhacht atá leis an soláthar sin, agus tuigeann sí gur bealach a bhíonn sna féilte go minic chun gníomhaíocht ealaíon a chur os comhair an phobail den chéad uair. Ó thaobh rannpháirtíocht an phobail de, fáiltíonn an Chomhairle Ealaíon roimh chuir chuige éagsúla trí fhás agus forbairt an lucht féachana, agus trí dheiseanna a chruthú don phobal a bheith ag gabháil do na healaíona mar rannpháirtithe, mar chomhoibrithe ealaíonta agus mar oibrithe deonacha. Chuige sin beidh meas ag an gComhairle Ealaíon agus tabharfaidh sí cosaint don chúnamh a gheofar ó rannpháirtíocht amaitéarach agus dheonach i gcleachtas féilte agus aithníonn sí an ról níos mó atá á ghlacadh ag áitiúlachas i bhforbairt agus inbhuanaitheacht na gclár féilte.

I réimse rannpháirtíocht an phobail, cuirtear spéis na Comhairle Ealaíon in iúl trí bheartas féilte i dtrí réimse: lucht féachana/éisteachta, rannpháirtíocht agus obair dheonach.

### LUCHT FÉACHANA/ÉISTEACHTA

Níl ach tuiscint agus tomhas teoranta ann ar na tionchair cháilíochtúla a bhíonn ag féilte ar na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Dá dtomhaisfí a leithéid de ghníomhaíocht thabharfaí faisnéis d'fhéilte a bheadh áisiúil chun straitéisí cruinne agus iomchuí a fhorbairt i dtaca le lucht féachana.

### RANNPHÁIRTÍOCHT

Tá deis ag féilte tógáil ar a gcumas rannpháirtíocht an phobail a mhéadú agus samhlacha difriúla a fhorbairt agus cuir chuige níos dinimiciúla maidir le rannpháirtíocht an phobail, lena n-áirítear cleachtais ealaíon rannpháirteacha agus comhoibríocha agus cinn atá rannpháirteach go sóisialta.

### OBAIR DHEONACH

Tá teorainn leis an tomhas agus an tagarmharcáil atáthar a dhéanamh ar acmhainní féilte i láthair na huaire agus bhainfidís tairbhe as imscrúdú breise chun leochaileacht/seasmhacht fhéideartha na hearnála a mheas agus buntáistí a caipitil shóisialta. Chuideodh infheistíocht san earnáil dheonach chun timpeallacht féilte a choimeád ag imeacht in Éirinn.

Leis an tacaíocht a thugtar d'fhéilte trí Mhaoiniú Straitéiseach, Maoiniú Deontais do na hEalaíona agus Scéim Infheistíochta na bhFéilte de chuid na Comhairle Ealaíon, tá deis ann forbairt a dhéanamh ar raon leathan lucht féachana i gcomhair na n-ealaíon agus chun rannpháirtíocht a mhéadú sna healaíona. Le chéile, tugann an tsraith

tacaíochtaí maoinithe lear mór deiseanna saibhre agus éagsúla don phobal an soláthar ealaíon a rochtain. Tríd an obair a dhéanann na heagraíochtaí sin tugtar rochtain don phobal ar raon éagsúil gníomhaíochta ealaíon nach mbeadh ar fáil dó murach sin.

***Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann cúig bliana:***

- Tabharfaidh sí tiomantas do thaighde a dhéanamh ar shamhlacha agus uirlisí tomhais cháilíochtúil iomchuí agus iad a chur ar fáil d'fhéilte le cuidiú leo straitéisí le haghaidh lucht féachana a fhorbairt;

- Cuirfidh sí staidéar i gcrích ar shochair chomhchineáil agus ar obair dheonach chun tuiscint níos fearr a fháil ar bhonneagar féilte agus an úsáid a bhaintear as caipiteal sóisialta;

- Forbróidh sí tacaíochtaí a chuireann le cumas na hoibre deonaí agus beidh sí tiomanta dea-chleachtas a fheidhmiú sa réimse seo;

- Leanfaidh sí ar aghaidh, trí Scéim Infheistíochta na bhFéilte, ag gríosú féilte le samhaltacha éagsúla cleachtais a spreagann rannpháirtíocht phobail mhéadaithe a fhiosrú;

- Spreagfaidh sí féilte, trí Scéim Infheistíochta na bhFéilte, le saothair a fhorbairt le haghaidh luchtanna féachana éagsúla i gcomhréir le *Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht* na Comhairle Ealaíon.

## Réimsí Forbartha atá Sonrach d'Fhéilte

Bíonn tionchar ag raon saincheisteanna eile a bhfuil ábharthacht straitéiseach ar leith acu d'fhéilte ar an réimse d'ealaíontóirí agus lucht féachana i gcoitinne.

Sainaithnítear i dtorthaí ó chomhdháil féilte 'Change Makers' 2020 (i gcomhar leis an Máistreacht in Ealaíona Féilte, Ollscoil Luimnigh) agus i dtorthaí ón Athbhreithniú ar Scéim na bhFéilte agus na nImeachtaí in 2017 go bhfuil easnaimh áirithe sa leagan amach agus sna tacaíochtaí acmhainní atá ann d'fhéilte i láthair na huaire.

Tá ról ríthábhachtach ag féilte níos lú i scaipeadh na n-ealaíon chuig pobail ar leith ar fud na tíre, idir shuíomhanna uirbeacha agus suíomhanna tuaithe, agus cuireann siad go mór le héiceolaíocht níos leithne na bhféilte. Cé go bhfuil siad i gcroílár sheachadadh na n-ealaíon ina bpobail féin, is eagraíochtaí iad seo a bhíonn ag brath ar bhainistíocht dheonach go minic agus nach mbíonn dóthain acmhainní acu. Chuige sin, is é an rud ab fhearr don Chomhairle Ealaíon a dhéanamh an infheistíocht airgeadais a dhéanann sí i bhféilte beaga a mhéadú agus dul i ngleic leis na heasnaimh eolais agus roinnte scileanna atá ann faoi láthair chun tacú leis na heagraíochtaí sin a gcumas a thógáil.

Go háirithe, chuideodh tacaíochtaí earnála, amhail acmhainn atá tiomnaithe d'fhéilte ealaíon, meantóireacht agus comhpháirtíocht agus comhar méadaithe trasghníomhaireachta, le féilte a gcumas a thógáil agus bheidís mar bhonn eolais faoina bhforbairt eagraíochtúil.

***Chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann cúig bliana:***

- Déanfaidh sí tuilleadh forbartha agus soiléirithe ar shásraí maoinithe atá oiriúnach d'fhéilte agus cinnteoidh sí go dtagann siad lena gcéimeanna forbartha éagsúla;
- Déanfaidh sí coimisiúnú agus forbairt (i gcomhar leis an earnáil) ar fhoireann uirlisí chun cuir chuige dea-chleachtais, treoir agus tacaíochtaí praiticiúla, lena n-áirítear uirlisí tomhais le haghaidh earnálacha faoi leith, a sholáthar;
- Méadóidh sí a tiomantas airgeadais d'fhéilte beaga agus spreagfaidh sí a bhforbairt straitéiseach;
- Déanfaidh sí iniúchadh ar chur chuige ilghníomhaireachta a leagan síos chun cabhrú le féilte a gcuid scileanna a thógáil agus a gcleachtas a fheabhsú;
- Bunóidh sí meitheal le déantóirí féilte, páirtithe leasmhara agus ollscoileanna chun taighde agus tacaíochtaí náisiúnta comhordaithe a fhorbairt le haghaidh féilte;
- Fiosróidh sí an gá atá le hacmhainn atá tiomnaithe d'fhéilte ealaíon d'fhonn cuidiú leo lena gcumas a thógáil agus le prionsabail an dea-chleachtais a fhorbairt;
- Tacóidh sí le pobal na ndéantóirí féilte chun a n-aitheantas comhchoiteann mar earnáil a neartú;
- Spreagfaidh sí deiseanna agus cuirfidh sí tacaíochtaí maoinithe ar fáil tríd an Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne, ionas go mbeidh féilte atá beag nó ar mheánmhéid in ann deiseanna meantóireachta a fháil lena scileanna a fheabhsú agus a gcumas a thógáil;
- Tacóidh sí le taifead oidhreacht na bhféilte ar fud na hÉireann mar acmhainn d'fhéilte agus don taighde ar fhéilte;
- Spreagfaidh sí féilte trí Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne le héagsúlacht a fhorbairt ina gcleachtais oibre i gcomhréir le *Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht* na Comhairle Ealaíon.

## Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag Féilte

***Sa réimse a bhaineann le spás agus déimeagrafaic, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann cúig bliana:***

- Infheisteoidh sí i mbreis anailís gheospásúil ar na féilte sin a fhaigheann tacaíocht airgeadais;
- Lorgóidh sí comhaontú (nuair is cuí) idir an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla maidir le spriocanna sonracha i ndáil le forbairt straitéiseach féilte;
- Tabharfaidh sí isteach tosaíochtaí spásúla agus déimeagrafacha (agus déanfaidh sí monatóireacht orthu nuair a thugtar isteach iad) do Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus neartóidh na tosaíochtaí sin an ceanglas a bhaineann le rannpháirtíocht phobail mhéadaithe i réimsí a bhfuil an rannpháirtíocht sna healaíona íseal i gcomhréir le *Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht* na Comhairle Ealaíon.

***Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann cúig bliana:***

- Déanfaidh sí fiosrú, i gcomhar leis an bhfoireann DÓLO ag an gComhairle Ealaíon agus le gníomhaireachtaí tríú páirtí, ar mhodhanna dea-chleachtais chun deiseanna do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i gcláir féilte a mhéadú agus a fheabhsú.

***Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon an méid seo a leanas as seo go ceann cúig bliana:***

- Tabharfaidh sí tacaíochtaí isteach chun deis a thabhairt do dhéantóirí féilte cuairt a thabhairt ar shaothar idirnáisiúnta agus breathnú orthu, agus foghlaim ó na malairtí tuairimí sin mar chuid de sholáthar níos leithne de thógáil cumais féilte.